**Comhar Teoranta**

OILEÁNACH NA CATHRACH: CÉAD BLIAIN Ó BHREITH MHÁIRTÍN UÍ DHIREÁIN
Author(s): LIAM MAC AMHLAIGH
Source: *Comhar*, Iml. 70, Uimh 3 (MÁRTA 2010), pp. 12-13
Published by: Comhar Teoranta
Stable URL: https://www.jstor.org/stable/41497818
Accessed: 16-07-2019 09:16 UTC

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at https://about.jstor.org/terms

*Comhar Teoranta* is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *Comhar*

This content downloaded from 149.157.61.110 on Tue, 16 Jul 2019 09:16:16 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms



# OILEÁNACH NA CATHRACH:

## CÉAD BLIAIN Ó BHREITH MHÁIRTÍN UÍ DHIREÁIN



**LIAM MAC AMHLAIGH**

File ceannródaíoch ab ea Máirtín Ó Direáin. Shaothraigh sé gort na filíochta sa chéad seo caite ag leagan amach múnla nua d'fhilí na Gaeilge a lean é, ag tosú dó sa bhliain 1942 agus a chnuasach *Coinnle Geala*. Ag Scoil Gheimhridh Merriman le déanaí, cuireadh féasta ar fáil don lucht éisteachta ó chainteoirí na scoile maidir leis an bpearsantacht oileánach seo – Árannach ar shiúl. Rinne an tOllamh Mícheál Mac Craith diananailís ar phréamhacha a chuid filíochta agus an fhéinmhuinín a spreag i dtosach é. Thug Tomás Mac Síomóin cuntas ar an gcomhluadar a roinn sé leis an Direánach i mBaile Átha Cliath agis conas a mar a bhain leis an scríbhneoir ag deireadh a shaoil scríbhneoireachta. Is suimiúil é an éabhlóid ón scríbhneoir siúráilte chuig an scríobhaí cráite ag an bhféinamhras.

Anuas air sin, ba léir gur fáisceadh a chuid filíochta in imeachaí na tíre. Tharraing Mac Craith agus Mac Síomóin ar aon ar smaointe polaitiúla an Direánaigh agus a cheangailte leis an mbé chruthaitheach a bhí go smior ina chuid filíochta; an t-ómós a bhí aige ar Éamon de Valera go speisialta agus an bhuairt a bhí aige don teanga nuair a tuigeadh dó go mbogfadh slabhraí na cumhachta ó de Valera go Lemass. Lón machnaimh is ea sin; lón luachmhar a chuireann go mór le peirspictíocht agus le comhthéacs na tuisceana atá againn ar a fhilíocht féin.

Ba spéisiúil é na filí Pearse Hutchinson, Seán Ó Leocháin agus Caitlín Maude a bheith san áireamh sa liosta d'fhilí a chuir Ó Direáin suim iontu a thug Mac Síomóin ag an Scoil. Sa tslí agus a bhí an Direánach in ainm agus a bheith scigmhagúil faoi ghlúin fhilí INNTI, is féidir a cheapadh go raibh dhá 'scoil' nua-fhilíochta ag forbairt sa tír ag deireadh na 1960í agus tús 1970í. Mar sin féin, ba é is túisce a chosain an Ríordánach nuair a scríobh Máire Mhac an tSaoi an léirmheas cáinteach cáiliúil ar *Eireaball Spideoige* (1952).

I mbliain chomórtha a bhreithe, is mithid cuimhneamh ar thábhacht an oileáin ina chuid filíochta, agus ar thábhacht na cathrach dá shaol agus dá phearsantacht. Téamaí láidre lárnacha is ea iad ar aon, a rinne múnlú ar a chuid filíochta i rith a shaoil. Ba as Oileán Árann dó ó dhúchas, an t-oileán rúin atá i gceist ina chuid dánta. On áit sin, chaith sé seal cónaithe i ndá chathair – An Ghaillimh agus Baile Átha Cliath. D'fhág sé sin gur chaith sé an chuid is mó dá shaol i gcathracha seachas áit ar bith eile. Ba faoin oileán, áfach, a scríobh sé go ceanúil ina shaothar. Bhain sé leas as an oileán chun ceachtanna beaga a theagaisc – faoin gcineál saoil go mba cheart a leanúint agus faoin gcineál beatha a bhí á leanúint aige féin. Ní hionann an dá rud go minic agus is iad na cuimhneacháin atá aige ar a áit dhúchais is túisce a chuireann an méid sin go minic i gcuimhne dó.

Is maith an seans gur thosnaigh dea-thuairim an oileáin ag neartú ina aigne féin a fhaid is gur bhraith sé as áit sna cathracha ina raibh sé ina chónaí. Dáiríre, ní raibh sé riamh socraithe i mBaile Átha Cliath. Go háirithe ina luathshaol cathrach, ba léir gur sciobadh róthapa é óna cheantar dúchais. Sa dán *Stoite*, roinn sé an dán agus a shaol, b'fhéidir, ina thrí chuid – an aimsir chinnte a bhí thart: "Thóg an fear seo teach…a mhair ina dhiaidh is a choinnigh a chuimhne buan."



This content downloaded from 149.157.61.110 on Tue, 16 Jul 2019 09:16:16 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms

Buansheasmheachas a bhí ag baint leis an saol a raibh taithí aige ó thuas air. Sa dara cuid, phléigh sé a bheith ina chónaí in áras agus é ag íoc cíosa, agus téann sé ar aghaidh sa véarsa deireanach chun an suíomh atá le teacht a mhíniú: "Beidh carnán trodán faoi ualach deannaigh inár ndiaidh in Oifig Stáit."

Íomhá is ea seo nach daoine daonna a bhí iontu sa chathair sa deireadh ach gur figiúirí, eolas, staitisticí a bhí iontu amháin; nach mbeadh aon chaidreamh pearsanta le fáil ann amach anseo – dearcadh iomlán éadóchasach. Níor bhreathnaigh sé ach ar an uaigneas a bhí sa chathair. Ar ndóigh, bhraith sé stoite nó tógtha as riocht – mothú nár fhág riamh é. Luaigh sé chomh maith sa dán *Deireadh Ré* go raibh sé deacair teacht isteach ar nósanna na cathrach, áit mar shampla nach mbeadh a shloinne ar eolas go forleathan: "Is mise fós ar marthain i measc na bplód gan ainm... ná fios mo shloinne acu."

Traidisiún is ea ceann de na nithe eile a dhéanann áit rúndiamharach as an oileán, dar leis. Bhí cáil go minic ar an Direánach mar scríbhneoir traidisiúnta ó thaobh ábhair de agus ó thaobh stíle de, i gcomparáid leis an nglúin scríbhneoirí a tháinig ina dhiaidh. Sa dán *Cuimhne an Domhnaigh*, luadh gnéithe aiceanta na talún arís: cloch, cré, dúthach chun a chur in iúl go bhfanann na nithe seo seasta, a chabhraíonn leis an bpobal ann a leacanna féin a bhunú, a mhairfidh go deo: "Chím mar chaith an chloch gach fear, mar lioc ina cló féin é."

Braitear go minic ina chuid scríbhinní gurbh é ceann de na fáthanna gur oileán rúin é Árainn ná an tsimplíocht a bhain leis féin agus leis an mbealach inar chaith na háitreabhaigh a gcuid ama ansin. Cuirtear é sin in iúl i slí mhaoithneach go leor sa dán, *an tEarrach Thiar*, ina phléigh sé na dualgaisí leanúnacha a bhíonn ag muintir na háite: "Fear ag glanadh cré de ghimseán spáide sa gciúnas séimh i mbrothall lae."

Bíonn sé de thallann aige íomhá a tharraingt de sin a bhí ar siúl ar an oileán, a éasca is a bhí sé, a iondúilí is a bhí. Ni bheifeá ag súil le haon chineál aisteachais. Tá an rithim saoil chomh socraithe is a chuireann na focail in iúl. Is focail loma atá i gceist ar an gcéad dul síos, pátrún a d'úsáid Ó Direáin i rith a chuid filíochta go léir – bíonn sé spárálach ina chuid cainte; ní chruthaíonn sé meafair choimpléascacha ach na híomhánna is simplí. N'fheadar an bhféadfá a rá go mbaineann coimpléascachas leis an méid a chuireann sé i leith na cathrach; go bhfuil tuilleadh smaointe i gceist le saol na ndaoine eolacha sa chathair seachas níos mó gníomhaíochta ag saol na tuaithe ar an oileán.

Ag an am céanna chun teacht go dtí an tuairim nach áit fhoirfe í an chathair, tosnaíonn sé ar an smaoineamh gurb í an cineál áite í go dtéann duine ann de dheasca riachtanais. Easpa seasmhachta san áit agus easpa tuisceana ina chomhphobal is mó a bhí ag déanamh tinnis dó i dtosach. Ach caifear a chur san áireamh i gcónaí go ndéantar an chomparáid ar thaobh an oileáin de, agus na lochtanna a bhain leis an gcathair go comparáideach leis. D'fhéadfaí a rá mar sin féin nach ann a bhí sa chathair fhallsa ná Ó Direáin ag frithghníomhú ina cheann féin. Cé go raibh sé éasca na mothúcháin is deisbhéalaí i leith an oileáin a mhíniú nuair a bhí cónaí air i mBaile Átha Cliath, ní hionann sin agus a rá nár ghá dó an áit a fhágáil ar mhaithe le maireachtáil, ar mhaithe le bheith beo. Mar sin féin, ba cháinteach a bhí sé i gcónaí orthu siúd a rinne iarracht cur síos a dhéanamh ar theanga na Gaeilge ar Árainn agus iad tar éis ach tamall gairid a chaitheamh ann, mar a rinne sé agus é ag smaoineamh ar J.M. Synge.

Is cinnte go bhfuil íomhá iontach aige dá oileán dúchais, rud atá tar éis feidhmiú mar idéal seachas fírinne, de réir mar a chaith sé níos mó ama ina chónaí sa chathair. Ní gá go bhfanfadh an saol mar a bhí agus an bhuairt a bhí aige ná go silfeadh an t-ógphobal uile ón oileán de réir a chéile agus iad meallta ag lucht agus úire na cathrach. Ach ar bhealach is sórt paradacsa atá anseo toisc go bhfuil sé sásta sa dán *Árainn 1947* a admháil nach bhfuil an duine óg toilteanach an saol ar an oileán seo a thriail a thuilleadh: "Ní don óige feasta an sceirdoileán cúng úd."

Agus le bheith fíreannach faoi, níl aon fhreagra ar an líne sin. Tá na mothúcháin ba threise agus ba mhacánta á léiriú aige. Níl aon amhras ach go raibh gean aige dá oileán ach le bheith réalaíoch faoi, ní an áit is éasca le cónaí inti í nuair atá tú i d'óganach ag lorg saoirse agus ar an mbonn sin a d'fhág sé féin an t-oileán.

Is dócha gur féidir díriú ar an seit dea-chuimhneacháin a bhí ag Ó Direáin féin dá óige ar an oileán, nuair a bhí sé ag fás i measc na bhfeirmeoirí agus na n-oibrithe cloiche. Is dócha go bhféadfaí an fhallsacht atá i gceist a shainmhíniú mar easpa soiléireachta sa mhéid agus a bhí an chathair in ainm is a bhronnadh. Chuaigh sé ann chun deacrachtaí an oileáin a thréigint, chun tús a chur le ré órga seans; agus é sin ráite, cé go bhfuair sé post, caithfidh gur beag sonas pearsanta a fuair sé sna laethanta luaithe, rud a d'fhág gur neartaigh an gean a bhí aige d'Árainn. Ar deireadh, fágtar muid le duine nach gcuimhníonn ach ar dhea-phointí an oileáin agus atá tar éis a intinn a dhíriú orthu siúd amháin.

Seachas an t-oileán rúin agus an chathair fhallsa, b'fhéidir gurb é an t-oiléan cianda agus an chathair easchairdiúil is fearr cur síos ar a raibh i gceist aige. Oileánach é i gcónaí, ach áitreabhóir cathrach thar rud ar bith eile. Bhí an t-ádh ar an Direánach gur chuir sé a chuid smaointí ar phár, rud a d'fhág gur éirigh leis an lámh in uachtar a fháil ar a chuid buarthaí sular rug siad greim air. Beidh tuilleadh trachta, tá súil agam ar shaothar an Direánaigh i gcaitheamh na bliana seo, agus níor mhiste buíochas a lua le coiste Scoil Gheimhridh Merriman as tús áite a thabhairt don fhile agus plé chomh breá sin a sholáthar do lucht critice na Gaeilge.

*Is leagan nua-chóirithe é seo d'alt a foilsíodh den chéad uair sa tréimhseachán ollscoile Nua-Aois sa bhliain 2005. Léachtóir le litríocht agus teanga i gColáiste Oideachais Froebel, Baile Átha Cliath é an t-údar. Beidh aiste eile ar shaothar Ui Dhireáin ar an chéad eagrán eile le Caitríona Ní Chléirchín.*



This content downloaded from 149.157.61.110 on Tue, 16 Jul 2019 09:16:16 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms